Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0202(COD)**

**11657/23**
**ADD 1**

**DATAPROTECT 195**
**JAI 986**
**DIGIT 135**
**MI 602**
**FREMP 214**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 348 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 348 final.

Faoi iamh: COM(2023) 348 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.7.2023
COM(2023) 348 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679**

GA GA

**IARSCRÍBHINN**

| |
|---|
| *Gearán a chuirtear isteach ar bhonn Airteagal 3*[1] |
| *Cuid A: Faisnéis éigeantach* |
| **1. Sainaithint an duine nó an eintitis atá ag déanamh an ghearáin**<br><br>I gcás inar duine nádúrtha an gearánach, foirm aitheantais a chur isteach[2].<br><br>I gcás inarb é comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679 a thíolacfaidh an gearán, cruthúnas a chur isteach go bhfuil an comhlacht comhdhéanta mar is ceart i gcomhréir le dlí Ballstáit.<br><br>I gcás ina gcuirtear isteach gearán ar bhonn Airteagal 80(1) de Rialachán 2016/679, cruthúnas go bhfuil an comhlacht atá an gearán á thaisceadh aige ag gníomhú ar bhonn sainordú ábhair sonraí. |
| **2. Sonraí teagmhála**[3]<br><br>I gcás ina gcuirtear isteach an gearán go leictreonach, seoladh ríomhphoist.<br><br>I gcás ina gcuirtear isteach an gearán tríd an bpost, seoladh poist.<br><br>Uimhir theileafóin. |
| **3. Eintiteas a sáraíonn a phróiseáil ar do shonraí pearsanta Rialachán (AE) 2016/679**<br><br>An fhaisnéis go léir atá i do sheilbh a chur ar fáil chun sainaithint an eintitis is ábhar do do ghearáin a éascú. |
| **4. Ábhar gearáin**<br><br>Leag amach na fíricí óna ndéantar nó óna ndearnadh, i do thuairimse, do shonraí pearsanta a phróiseáil, ar sonraí iad a sháraíonn Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS). Tabhair le fios go háirithe an comhthéacs inar próiseáladh do shonraí pearsanta. |
| |

1 Ba cheart an gearán a chomhlánú agus a chur isteach go leictreonach nó a chomhlánú agus a chur isteach chuig an údarás maoirseachta tríd an bpost.

2 Mar shampla, pas, ceadúnas tiomána, aitheantas náisiúnta.

3 I gcás ina bhfuil an gearán á thiolacadh ag comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart an fhaisnéis uile i bpointe 2 a sholáthar.

| *Cuid B: Faisnéis fhorlíontach* |
|---|
| Más féidir, sonraigh na forálacha de Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS) a mheasann tú gur sháraigh an t-eintiteas atá ag próiseáil do shonraí pearsanta iad.<br><br>Sonraigh an ndearna tú teagmháil leis an eintiteas a luaitear i bpointe 3 de Chuid A roimh do ghearán agus léirigh toradh aon ghníomhaíochtaí den sórt sin. Más féidir, cuir i gceangal le do thoil aon chomhfhreagras ábhartha idir tú féin agus an t-eintiteas.<br><br>Sonraigh an bhfuil tús curtha agat le himeachtaí riaracháin agus/nó breithiúnacha eile maidir le hábhar do ghearáin. Más amhlaidh atá, tabhair míniú, le do thoil, ar stádas agus, i gcás inarb ábhartha, ar thoradh na ngníomhaíochtaí sin.<br><br>Gach doiciméad atá i do sheilbh a bhaineann leis na fíricí a leagtar amach sa ghearán a chur isteach (mar shampla, cóip de na doiciméid lena bhfianaítear an caidreamh leis an rialaitheoir sonraí (e.g. sonraisc, conarthaí); cóip d'aon teachtaireachtaí nó ríomhphoist mhargaíochta; pictiúir, grianghraif nó gabhálacha scáileáin; tuarascálacha ó shaineolaithe; tuarascálacha ó fhinnéithe; tuarascálacha cigireachta). |
| *Cuid C: Dearbhú agus síniú* |
| Deimhnigh, le do thoil, gur de mheon macánta go hiomlán a thugtar an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo.<br><br>Dáta agus síniú. |